CINNEADH (AE) 2021/1027 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meitheamh 2021

lena gcuirtear de chúram ar an gCoimisiún Eorpach - Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla (PMO) - feidhmiú na gcumhachtaí a thugtar don údarás ceapacháin agus don údarás arna chumhachtú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích a bhaineann le hárachas in aghaidh riosca galair cheirde nó tionóiscí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(2) de na Rialacháin Foirne sin agus Airteagal 6 de na Coinníollacha Fostaíochta sin,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2017/262 ón gComhairle an 6 Feabhra 2017 lena gcinntear, i dtaca le hArdrúnaíocht na Comhairle, an t-údarás ceapacháin agus an t-údarás arna chumhachtú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/811/AE ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh faoi árachas i gcoinne riosca galair cheirde nó tionóiscí faoi Airteagal 73 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ("na Rialacháin Foirne") agus faoi Airteagail 28 agus 95 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ("na Coinníollacha Fostaíochta"). De bhun Airteagal 73 de na Rialacháin Foirne, leagtar amach coinníollacha an árachais sin i rialacha comhchoiteanna arna dtarraingt suas trí chomhaontú comhchoiteann idir na hinstitiúidí uile agus arna dtaifeadadh ag Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 13 Nollaig 2005.

(2) Is í Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla (PMO) an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as teidlíochtaí airgeadais bhaill foirne an Choimisiúin agus, trí chomhaontuithe ar leibhéal seirbhíse (SLAnna), institiúidí agus comhlachtaí áirithe eile de chuid an Aontais, a riar agus a íoc.

(3) Faoin SLA a tugadh i gcrích idir PMO agus Ardrúnaíocht na Comhairle ("an Ardrúnaíocht") an 3 Bealtaine 2019, tá PMO freagrach as teidlíochtaí indibhidiúla, cearta pinsin agus sochair dhífhostaíochta le haghaidh baill foirne na hArdrúnaíochta a riar agus a íoc. Sna réimsí sin, feidhmíonn PMO cumhachtaí áirithe de chuid an údaráis ceapacháin agus an údaráis arna chumhachtú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích de bhun Chinneadh (AE) 2019/792 ón gComhairle ([3]).

(4) Foráiltear le SLA an 3 Bealtaine 2019, *inter alia,* go bhféadfar raon feidhme na seirbhísí a thairgeann PMO a leathnú chun bainistiú árachas in aghaidh riosca galair cheirde nó tionóiscí fhoireann na hArdrúnaíochta a chumhdach. Ós rud é gur comhchoiteann iad na coinníollacha a bhaineann le hárachas do na hinstitiúidí uile agus go bhfuil na cumais agus taithí riachtanach ag PMO, is iomchuí seirbhísí den sórt sin a chur de chúram ar PMO.

(5) Chun go mbeidh aistriú seirbhísí den sórt sin éifeachtach, ba cheart don Chomhairle feidhmiú na gcumhachtaí ábhartha a thugtar don údarás ceapacháin agus don údarás arna chumhachtú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích d'fhoireann Ardrúnaíocht na Comhairle a chur de chúram ar an PMO.

([1]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.
([2]) IO L 39, 16.2.2017, lch. 4.
([3]) Cinneadh (AE) 2019/792 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2019 lena gcuirtear de chúram ar an gCoimisiún Eorpach - Oifig Riaracháin agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla (PMO) - feidhmiú cumhachtaí áirithe arna dtabhairt don údarás ceapacháin agus don údarás arna chumhachtú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích (IO L 129, 17.5.2019, lch. 3).

(6) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'fhoireann Ardrúnaíocht na Comhairle, ba cheart a shoiléiriú nach mór iarrataí agus gearáin a bhaineann le hárachas i gcoinne an riosca a bhaineann le galair cheirde nó le tionóiscí ceirde a thaisceadh leis an gCoimisiún. Chun na críche céanna, ba cheart a shoiléiriú gur cheart achomhairc ghaolmhara chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a dhéanamh i gcoinne an Choimisiúin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Cuirtear de chúram ar Oifig Riaracháin agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla (PMO) an Choimisiúin Eorpaigh feidhmiú na gcumhachtaí a thugtar leis na Rialacháin Foirne don údarás ceapacháin agus leis na Coinníollacha Fostaíochta don údarás arna chumhachtú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích i dtaca le foireann na hArdrúnaíochta, a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 73 de na Rialacháin Foirne agus Airteagail 28 agus 95 de na Coinníollacha Fostaíochta.

2. Déanfar iarrataí agus gearáin a bhaineann leis na hábhair dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a thaisceadh leis an údarás ceapacháin nó leis an údarás arna chumhachtú chun conarthaí fostaíochta an Choimisiúin a thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 90c de na Rialacháin Foirne agus Airteagail 46 agus 117 de na Coinníollacha Fostaíochta, faoi seach. Is de bhun Airteagal 91a de na Rialacháin Foirne agus Airteagail 46 agus 117 de na Coinníollacha Fostaíochta a dhéanfar achomhairc chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis na hábhair dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcoinne an Choimisiúin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Iúil 2021.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 22 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS